



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

18 Nollaig 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach – Treoir 2000/43/CE – Coincheapa maidir le ‘tionscamh eitneach’, ‘idirdhealú díreach’ agus ‘idirdhealú indíreach’ – Reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe áirithe a laghdú – Sainaithint na limistéar sin de réir chion na ‘n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ – Réasúnú – Comhtháthú sóisialta agus lánpháirtiú – Beartas tithíochta – Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceart chun áit chónaithe a urramú – Comhréireacht)

I gCás C-417/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge), trí bhreith an 30 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 6 Iúil 2023, sna himeachtaí

Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge,

v

MV,

EH,

LI,

AQ,

LO,

páirtithe uamtha:

BL – Danmarks Almene Boliger,

Institut for Menneskerettigheder,

agus

XM,

* Teanga an cháis: an Danmhairgis.

ZQ,

FZ,

DL,

WS,

JL,

PB,

VT,

YB,

TJ,

RK

v

Social-, Bolig- og Ældreministeriet,

páirtithe uamtha:

Institut for Menneskerettigheder,

FN's særlige rapportør E. Tendayi Achiume,

FN's særlige rapportør Balakrishnan Rajagopal,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, K. Jürimäe, C. Lycourgos, I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), I. Ziemele, J. Passer agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dhlísheomraí, S. Rodin, E. Regan, A. Kumin, N. Jääskinen, D. Gratsias agus Z. Csehi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Čápetá,

Cláraitheoir: C. Strömholm, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 30 Meán Fómhair 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge, ag H. Qwist, advokat,

- XM, ZQ, FZ, DL, WS, JI, PB, VT, YB, TJ agus RK, ag P. A. Fokdal agus E. O. R. Rosenberg Khawaja, advokater,
 - MV, EH, LI, AQ agus LO, N.-E. Hansen agus M. Tarp, advokater,
 - BL – Danmarks Almene Boliger, ag K. Paludan agus L. V. Thomsen, advokater,
 - Institut for Menneskerettigheder, ag M. Akhtar, P. Hjaltason, L. Teilgård, T. B. Thomsen agus M. Ventegodt, i gcáil Gníomhairí,
 - FN’s særlige rapportør E. Tendayi Achiume agus FN’s særlige rapportør Blakrishnan Rajagopa, ag P. A. Fokdal agus E. O. R. Rosenberg Khawaja, advokater,
 - Rialtas na Danmhairge, ag C. A.-S. Maertens, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó R. Holdgaard agus J. Pinborg, advokater,
 - Rialtas na Spáinne, ag A. Pérez-Zurita Gutiérrez, i gcáil Gníomhaire,
 - an Coimisiún Eorpach, ag P. Carlin, F. Clotuche-Duvieusart agus C. Vang, i gcáil Gníomhairí,
- tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 13 Feabhra 2025,
- an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO 2000 L 180, lch. 22).
- 2 Rinneadh an iarraidh seo i gcúig shraith imeachtaí idir, maidir leis na céad cheithre cinn, an chuideachta tithíochta poiblí Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvænge (‘SAB’) agus 5 thionónta d’aonaid tithíochta teaghlaigh phoiblí agus, maidir leis an gcúigiú díospóid, 11 tionónta de thithíocht teaghlaigh phoiblí agus an Social-, Bolig- og Ældreministeriet (an Aireacht Gnóthaí Sóisialta, Tithíochta agus Seanóirí, an Danmhairg) maidir le reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha chun céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe a laghdú, arb é is príomhthréith dóibh, *inter alia*, gur sháraigh cion na ‘n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ a bhfuil cónaí orthu ann 50 % le 5 bliana anuas.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2000/43

3 De réir aithrisí 4, 9, 12, 13, 15, 16 agus 28 de Threoir 2000/43:

‘(2) I gcomhréir le hAirteagal 6 [CAE], tá an tAontas Eorpach fothaithe ar phrionsabail na saoirse, an daonlathais, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus an smachta reachta, ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit, agus urramaíonn sé cearta bunúsacha mar atá siad áirithithe ag an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint [arna shíniú sa Róimh ar an 4 Samhain 1950 (“ECHR”),] agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Chomhphobail.

(3) An ceart chun comhionannais os comhair an dlí agus cosaint ar idirdhealú don uile duine, is ceart uilíoch é sin a aithnítear le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in Aghaidh na mBan a Dhíothú, leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, le Cúnaint na Náisiún Aontaithe ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus le [ECHR], a bhfuil na Ballstáit uile ina sínitheoirí díobh.

(4) Tá sé tábhachtach urraim a léiriú do na cearta agus do na saoirsí bunúsacha sin, lena n-áirítear an ceart chun saoirse comhlachais. Tá sé tábhachtach freisin, i gcomhthéacs na rochtana agus an tsoláthair ar earraí agus seirbhísí, urraim a léiriú do chosaint an tsaoil phríobháidigh agus shaol an teaghlaigh nuair a bhíonn idirbhearta á ndéanamh sa chomhthéacs sin.

[...]

(9) D’fhéadfadh idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach baint amach chuspóirí [CFAE] a chur i mbaol, lena n-áirítear ardleibhéal fostaíochta agus cosanta sóisialta, lena n-ardófaí an caighdeán maireachtála agus cáilíocht saoil, comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus dlúthpháirtíocht. D’fhéadfadh sé freisin an bonn a bhaint den cuspóir go ndéanfaí an tAontas Eorpach a fhorbairt mar limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

[...]

(12) Chun forbairt sochaithe daonlathacha agus caoinfhulangacha a áirithiú, ina dtabharfaí deis do chách gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a bheith páirteach iontu, ba cheart go mbeadh níos mó i gceist le gníomhaíocht shonrach i réimse an idirdhealaithe bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach ná díreach rochtain ar ghníomhaíochtaí fostaíochta agus féinfhostaíochta agus ba cheart go gcuimseodh an ghníomhaíocht sin réimsí amhail oideachas, cosaint shóisialta lena n-áirítear slándáil shóisialta agus cúram sláinte, buntáistí sóisialta agus rochtain agus soláthar ar earraí agus seirbhísí.

(13) Chuige sin, ba cheart aon idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a mhéid a bhaineann leis na réimsí a chuimsítear leis an Treoir seo a thoirmeasc ar fud an Chomhphobail. Toirmeasc seo an idirdhealaithe, ba cheart go mbeadh feidhm aige freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír, ach ní chuimsíonn an toirmeasc difríochtaí sa chóir a dhéantar bunaithe ar náisiúntacht agus tá sé gan dochar do na forálacha lena rialaítear teacht isteach agus cónaí náisiúnach tríú tír agus an rochtain atá acu ar fhostaíocht agus ar shlí bheatha.

[...]

(15) Is faoi chomhlachtaí breithiúnacha náisiúnta nó faoi chomhlachtaí inniúla eile atá sé tuiscint a fháil ar na fíorais óna bhféadfaí a thuiscint go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach, i gcomhréir le rialacha an dlí náisiúnta nó an chleachtais náisiúnta. D'fhéadfaí a fhoráil leis na rialacha sin, go háirithe, go mbeifí in ann idirdhealú indíreach a shuí trí aon mhodh lena n-áirítear ar bhonn fianaise staitistiúla agus/nó eolaíoch.

(16) Tá sé tábhachtach gach duine nádúrtha a chosaint ar idirdhealú ar fhorais a dtionscnamh ciníoch nó eitneach. [...]

[...]

(28) [...] ní féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon ardleibhéal coiteann cosanta ar idirdhealú a áirithiú sna Ballstáit uile, a ghnóthú go leordhóthanach [...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal ‘Cuspóir’:

‘Is é is cuspóir don Treoir seo creat ginearálta a bhunú chun idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a chomhrac, d’fhonn prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin, dar teideal ‘Coincheap an idirdhealaithe’ mar seo a leanas:

‘1. Chun críocha na Treorach seo, ciallóidh “prionsabal na córa comhionainne” nach ndéanfar aon idirdhealú díreach ná indíreach atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.

2. Chun críocha mhír 1:

(a) measfar go dtarlaíonn idirdhealú más rud é, go ndéileáiltear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, mar a déileáladh nó mar a dhéileálfaí le duine ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh.

(b) measfar go dtarlaíonn idirdhealú indíreach i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine de bhunadh ciníoch nó eitneach faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin de bharr aidhm dhlisteanach agus go bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal ‘Raon feidhme’:

‘1. Laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí arna dtabhairt don Aontas Eorpach, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach duine, maidir leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, i ndáil leis an méid seo a leanas:

[...]

(h) rochtain agus soláthar ar earraí agus seirbhísí atá ar fáil don phobal, lena n-áirítear tithíocht.

2. Ní chumhdaítear leis an Treoir seo difríochtaí sa chóir atá bunaithe ar náisiúntacht agus tá sí gan dochar do na forálacha agus do na coinníollacha a bhaineann le teacht isteach agus cónaí náisiúnach tríú tíortha agus daoine gan stát i gcríoch na mBallstát, agus d’aon chóir a eascraíonn as stádas dlíthiúil na náisiúnach tríú tíortha agus na ndaoine gan stát lena mbaineann.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 8(1) de Threoir 2000/43, dar teideal ‘Dualgas cruthúnais’ mar a leanas:

‘Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí, i gcomhréir lena gcórais náisiúnta bhreithiúnacha, maidir le hoibrithe a mheasann go ndearnadh éagóir orthu toisc nár cuireadh prionsabal an phá chomhionann i bhfeidhm ina leith, chun a áirithiú go ndéanfaidh siad fíorais as a bhféadfar a thiomhdiú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach astu a shuíomh os comhair cúirte nó údarás inniúil eile, is faoin gcosantóir a bheidh sé a chruthú nach ndearnadh aon idirdhealú díreach nó indíreach i dtaca le pá.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2006/123/CE

8 Foráiltear le haithris 27 de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO 2006 L 376, lch. 36) mar a leanas:

‘Níor cheart go gcumhdófaí leis an Treoir seo seirbhísí sóisialta i réimsí na tithíochta, an chúraim leanaí agus na tacaíochta do theaghlaigh agus do dhaoine i ngátar arna soláthar ag an Stát ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, ag soláthraithe atá sainordaithe ag an Stát nó ag comhlachais charthanúla atá aitheanta amhlaidh ag an Stát chun cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i gcás riachtanais ar leith go buan nó go sealadach mar gheall ar ioncam teaghlaigh neamhleor, nó easpa neamhspleáchais iomlán nó páirteach agus a bhfuil baol ann go ndéanfaí iad a imeallú. Tá

na seirbhísí sin riachtanach chun ráthú a dhéanamh ar an gceart bunúsach chun dínit agus iomláine an duine agus léirítear leo prionsabail an chomhtháthaithe shóisialta agus na dlúthpháirtíochta agus níor cheart don Treoir seo difear a dhéanamh dóibh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Faoi Airteagal 2(1) agus (2) den Treoir sin:

‘1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe atá bunaithe i mBallstát.

[...]

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

[...]

(j) seirbhísí sóisialta a bhaineann le tithíocht shóisialta [...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Luaitear in Airteagal 4(1) den Treoir sin:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “seirbhís” aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn féinfhostaithe, a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, dá dtagraítear in Airteagal [57 CFAE].

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Danmhairge

11 Is mar a leanas atá Airteagal 27(4) den lovbekendtgørelse nr. 1877 om almene boliger m.v. (almenboligloven) (Dlí Comhdhlúite Uimh. 1877 maidir le, *inter alia*, tithíocht phoiblí (an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí)) an 27 Meán Fómhair 2021 (‘an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí’):

‘I gcás aonaid tithíochta atá suite i limistéar claochlaithe de réir bhrí Airteagal 61a(4), formheasfaidh an tAire an díol ar choinníoll go bhfoirceannfar na comhaontuithe tionóntachta arna dtabhairt i gcrích le tionóntaí nach gcomhlíonann na critéir arna leagan síos ag an gcomhairle bhordasach de bhun Airteagal 27c(1).’

12 Luaitear an méid seo a leanas i mír 27c den Dlí sin:

‘1. Leagfaidh an chomhairle bhordasach síos critéir maidir le ligean talún atá suite i limistéar cónaithe leochaileach, de réir bhrí Airteagal 61a(1), a dhíoltar le ceannaitheoirí príobháideacha. Leagfaidh an chomhairle bhordasach síos na critéir dá dtagraítear sa chéad abairt tráth a fhormheasfar an díolachán ar a dhéanaí agus beidh siad bailí ar feadh 10 mbliana ón dáta a gheofar an talamh lena mbaineann. Beidh feidhm ag na critéir a leagtar síos i gcomhréir leis an gcéad abairt freisin maidir le réadmhaoin nua ar cíós atá tógtha ar an talamh.

[...]

3. Má ligtear réadmhaoin ar cíós de shárú ar na critéir sin, forchuireann an chomhairle bhardasach oibleagáid ar an léasóir an léas a fhoirceannadh.’

13 Foráiltear le hAirteagal 61a den Dlí sin:

‘1. Is éard is limistéar cónaithe leochaileach ann limistéar a chomhlíonann dhá cheann ar a laghad de na critéir seo a leanas:

- (1) Tá cion na gcónaitheoirí idir 18 agus 64 bliana d’aois nach bhfuil aon nasc acu leis an margadh saothair ná leis an oideachas os cionn 40 %, arna ríomh mar an meán le 2 bhliain anuas.
- (2) Tá cion na gcónaitheoirí a chiontaítear i gcionta faoin gCód Coiriúil, faoin Acht um Airm nó faoin Acht um Dhrugaí trí oiread an mheáin náisiúnta ar a laghad, arna ríomh mar an meán le 2 bhliain anuas.
- (3) Tá céatadán na gcónaitheoirí idir 30 agus 59 mbliana d’aois nach bhfuil ach bunoidéachas acu os cionn 60 %.
- (4) Tá meán-ollioncam na gcáiníocóirí idir 15 agus 64 bliana d’aois sa limistéar, cé is moite díobh siúd atá ag lorg oideachais, níos lú ná 55 % den mheán-ollioncam le haghaidh an ghrúpa chéanna sa réigiún.’

2. Sainmhínítear sochaí chomhthreomhar mar limistéar cónaithe ina bhfuil cion na n-inimirceach ó thíortha nach tíortha san Iarthar iad agus a sliochtaigh níos mó ná 50 % agus ina gcomhlíontar dhá cheann ar a laghad de na critéir a liostaítear i mír 1.

[...]

4. Ciallaíonn “limistéar tiontaithe” limistéar cónaithe a bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 comhlíonta aige le 5 bliana anuas.

5. Foilseoidh [Indenrigs- og boligministeren (an tAire Gnóthaí Baile agus Tithíochta, an Danmhairg)] an 1 Nollaig gach bliain [liosta de] limistéir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 1, 2 agus 4 agus in Airteagal 61(b).’

14 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 168a(1) agus (2) den Dlí sin:

‘1. Ullmhóidh an léasóir poiblí agus an chomhairle bhardasach plan forbartha go comhpháirteach do limistéar claochlaithe de réir bhrí Airteagal 61a(4). Ní mór é a bheith d’aidhm ag an gcomhphlean forbartha an sciar de thithíocht teaghlaigh phoiblí a laghdú, faoin 1 Eanáir 2030, go 40 % ar a mhéad de na haonaid tithíochta uile sa limistéar claochlaithe lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 61a(4). Aonaid tithíochta a scartáladh tar éis 2010 agus nár cuireadh aonaid tithíochta teaghlaigh phoiblí eile ina n-ionad, féadfar iad a áireamh i ríomh líon iomlán na n-aonad tithíochta sa limistéar cónaithe lena mbaineann. Áirítear spásanna tráchtála i ríomh líon na n-aonad tithíochta, ionas go ndéanfar gach achar de 75 mhéadar chearnacha [(m²)] de spás tráchtála a áireamh mar aonad tithíochta amháin.

2. Formheasfaidh an tAire Gnóthaí Baile agus Tithíochta na pleananna forbartha dá dtagraítear i mír 1.’

15 Foráiltear le hAirteagal 168b(1) agus (2) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí:

‘1. In éagmais comhaontú maidir le plean forbartha comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 168a(1), féadfaidh an chomhairle bhordasach a iarraidh ar an Aire Gnóthaí Baile agus Tithíochta plean forbartha bardasach a fhorbairt. Ní mór é a bheith d’aidhm ag an bplean forbartha bardasach an cion tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú, faoin 1 Eanáir 2030, go 40 % ar a mhéad de na haonaid tithíochta uile sa limistéar claochlaithe lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 61a(4). Aonaid tithíochta a scartáladh tar éis 2010 agus nár cuireadh aonaid tithíochta teaghlaigh poiblí eile ina n-ionad, féadfar iad a áireamh i ríomh líon iomlán na n-aonad tithíochta sa limistéar cónaithe lena mbaineann. Áirítear spásanna tráchtála i ríomh líon na n-aonad tithíochta, ionas go ndéanfar gach achar de 75 mhéadar chearnacha de spás tráchtála a áireamh mar aonad tithíochta amháin. Cuirfidh an tAire an plean forbartha bardasach ar aghaidh chuig an léasóir poiblí lena chomhairliúchán sula ndéanfaidh sé cinneadh de bhun na chéad abairte.

2. Féadfaidh an chomhairle bhordasach a ordú do na léasóirí poiblí plean bardasach arna fhorbairt i gcomhréir le fómhír 1 a chur chun feidhme, lena n-áirítear cur chun feidhme beart a bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leo chun an plean forbartha bardasach a chur chun feidhme agus chun leas an phobail i gcoitinne a chosaint, laistigh de thréimhse a chinneadh an chomhairle bhordasach.’

16 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú, ina leagan bunaidh, gur bhain Airteagal 61a den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, a chuir lov nr. 1610 om ændring af lov om almene boliger m.v. isteach sa dlí sin (Dlí Uimh. 1610 lena leasaítear an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, *inter alia*) an 22 Nollaig 2010, úsáid as an téarma ‘geiteo’ i bhfómhír 2 de, agus as an nath ‘limistéar cruagheiteo’ i bhfómhír 4 de, in ionad na dtéarmaí atá in úsáid faoi láthair, eadhon ‘sochaí chomhthreomhar’ agus ‘limistéar claochlaithe’, faoi seach.

17 Sna doiciméid ullmhúcháin do Dhlí Uimh. 1610 an 22 Nollaig 2010, chun an coincheap ‘geiteo’ nó ‘limistéar geiteo’ a shainmhíniú, moladh ‘díriú ar thrí chritéar [...]: cion na n-inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliocthaigh, cion na ndaoine nach bhfuil aon nasc acu le margadh an tsaothair agus cion na ndaoine a ciontaíodh i gcionta faoin gCód Coiriúil, faoin Dlí maidir le hAirm nó faoin Dlí maidir le Támhshuanaigh, a léiríonn gach ceann acu go bhfuil fadhb shóisialta agus shochoíoch ann a imíonn amhlaidh ón staid ghinearálta sa Danmhairg gur gá iarracht ar leith a dhéanamh’.

18 Leasaíodh an sainmhíniú ar an gcoincheap ‘limistéar geiteo’ le lov nr. 1609 om ændring af lov om almene boliger m.v. (Dlí Uimh. 1609 lena leasaítear an Dlí maidir le tithíocht poiblí) an 26 Nollaig 2013, lena cuireadh dhá chritéar nua a bhaineann le hoideachas agus ioncam leis. Luaitear an méid seo a leanas, go háirithe, sna doiciméid ullmhúcháin do Dhlí Uimh. 1609 an 26 Nollaig 2013:

‘Is saincheist lárnach é lánpháirtiú inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliocthaigh i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Tá sé tábhachtach go n-idirghníomhaíonn cónaitheoirí i limistéir chónaithe le chéile lasmuigh dá mbunús eitneach. Murach sin, d’fhéadfadh sé a bheith níos deacra a chéile a thuiscint ó thaobh cultúir agus teanga de, agus d’fhéadfadh claontachtaí, dearcthaí diúltacha agus deighilt chontúirteach idir ‘iadsan’ agus

‘muidne’ teacht chun cinn ar bhealach níos éasca. Cuireann sé sin comhtháthú na sochaí i mbaol. Dá bhrí sin, is léiriú é líon ard saoránach de thionscnamh eitneach éagsúil gur cheart aird a thabhairt ar an limistéar atá i gceist.’

- 19 Tugadh isteach an oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí le lov nr. 1322 om ændring af lov om almene boliger m.v., lov om leje af almene boliger og lov om leje (Dlí Uimh. 1322 lena leasaítear an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, *inter alia*, an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí a fháil ar cíós agus an Dlí maidir le léasanna) an 27 Samhain 2018. Faoi Dhlí Uimh. 1322 an 27 Samhain 2018, rinneadh coinníoll riachtanach den chritéar a bhaineann le cion na ‘n-inimirceach ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ is mó ná 50 % sa limistéar cónaithe lena mbaineann chun limistéar cónaithe den sórt sin a aicmiú mar ‘limistéar geiteo’. Léirítear sna doiciméid ullmhúcháin don dlí sin go léiríonn an critéar sin ‘gurb é an dúshlán lárnach, i limistéir gheiteo, easpa comhtháthú inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh’.
- 20 Bhí an dréacht-dlí as ar eascair glacadh an dlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo bunaithe ar thogra a d’ullmhaigh Rialtas na Danmhairge i mí an Mhárta 2018, dar teideal ‘An Danmhairg gan sochaithe chomhthreomhara – Gan gheiteonna in 2030’. Sonraíodh sa togra sin, *inter alia*, an méid seo a leanas:

‘Tá an rialtas ag iarraidh go mbeadh comhtháthú sa Danmhairg. [...]

Le 40 bliain anuas, tá athrú suntasach tagtha ar chomhdhéanamh eitneach na Danmhairge. In 1980, bhí daonra 5.1 milliún ag an Danmhairg. Sa lá atá inniu ann, tá sé sin gar do 5.8 milliún. Is ón taobh amuigh a thagann fás an daonra. Ó inimircigh agus óna sliochtaigh araon. Is de bhunadh tíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad formhór na nDanmhargach nua.

[...]

Tá an iomarca inimirceach ann nach nglacann páirt ghníomhach [i sochaí na Danmhairge]. Tá sochaí chomhthreomhar tagtha chun cinn i measc daoine nach de bhunadh an Iarthair iad. Tá an iomarca inimirceach agus sliocht inimirceach tar éis dícheangal ón tsochaí mhórthimpeall. Gan oideachas, gan phoist agus gan eolas leordhóthanach ar an Danmhairgis.

[...]

Le blianta fada, tugadh an iomarca dídeanaithe agus a mbaill teaghlaigh isteach sa Danmhairg gan iad a lánpháirtiú i sochaí na Danmhairge. Tugadh cead dóibh teacht le chéile i ngeiteonna gan aon teagmháil leis an tsochaí mhórthimpeall, fiú tar éis na mblianta fada sa Danmhairg, toisc nár chuir muid de cheangal soiléir orthu a bheith mar chuid de shochaí na Danmhairge.

[...]

Rinneadh poill a pholladh ar léarscáil na Danmhairge. Tá go leor daoine ina gcónaí in iamhchríocha iargúlta a bheag nó a mhór. Tá i bhfad an iomarca saoránach ann nach bhfuil freagracht leordhóthanach á glacadh acu. Ní bhíonn siad rannpháirteach go gníomhach i sochaí na Danmhairge ná sa mhargadh saothair. Tá fáilte curtha againn roimh ghrúpa saoránach nach nglacann go hiomlán le caighdeáin agus luachanna na Danmhairge. Grúpa ina meastar nach bhfuil mná chomh luachmhar céanna le fir, agus ina leagann rialú sóisialta agus easpa comhionannas teorainneacha cúnga ar shaoirse cainte an duine aonair.

[...]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 21 Mar a luaitear i mír 2 den bhreithiúnas seo, rinneadh an iarraidh ar réamhrialú i gcomhthéacs cúig shraith imeachtaí, a mbaineann ceithre cinn acu le Schackenborgvænge, eastát tithíochta i limistéar cónaithe Ringparken in Slagelse (an Danmhairg), agus a mbaineann ceann acu le Mjølnerparken, eastát tithíochta i gCóbanhávan (an Danmhairg).

Díospóidí a bhaineann le heastát tithíochta Schackenborgvænge

- 22 Tá cúig eastát tithíochta i limistéar cónaithe Ringparken, a bhfuil ceithre cinn díobh á mbainistiú ag an gcomhlachas tithíochta poiblí Fællesorganisationens Boligforening, leis an gcúigiú ceann, Schackenborgvænge, atá á bhainistiú ag SAB.
- 23 An 1 Nollaig 2018, ainmníodh limistéar cónaithe Ringparken mar ‘limistéar cruagheiteo’, de réir bhrí an leagain bunaidh d’Airteagal 61a(4) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí. Aicmítear an réimse sin anois mar ‘réimse claochlaithe’ de réir bhrí an leagain den fhoráil sin is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí. Rinneadh an t-ainmniú sin ar an bhforas, ar thaobh amháin, gur chomhlíon an limistéar cónaithe sin na 4 chritéar a leagtar síos in Airteagal 61a(1), eadhon na critéir sin a bhaineann le naisc na gcónaitheoirí le margadh an tsaothair nó leis an oideachas, le leibhéal na coireachta, le leibhéal an bhunoideachais agus leis an meánioncam (‘na critéir shocheacnamaíocha’), agus, ar an taobh eile, gur tháinig 55.6 % de chónaitheoirí an limistéir cónaithe sin faoin gcatagóir ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliocthaigh’, de réir bhrí Airteagal 61a(2).
- 24 Dhréachtaigh Fællesorganisationens Boligforening, SAB agus Slagelse Kommune (Bardas Slagelse, an Danmhairg) plean forbartha do limistéar cónaithe Ringparken, a d’fhormheas an chomhairle bhardasach an 27 Bealtaine 2019, agus é mar aidhm aige cion na tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú go 40 % de gach tithíocht sa limistéar cónaithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 168a(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.
- 25 I mí an Mheithimh 2019, chinn SAB 136 aonad tithíochta teaghlaigh phoiblí atá lonnaithe in Schackenborgvænge a dhíol le ceannaitheoir príobháideach. Ós rud é nach ndearnadh foráil maidir leis an díolachán sin sa plean forbartha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, thug Bardas Slagelse an plean sin cothrom le dáta agus d’fhormheas sé é an 26 Lúnasa 2019 (‘plean forbartha Ringparken’).
- 26 An 26 Lúnasa agus an 17 Meán Fómhair 2019, d’fhormheas an bardas sin freisin, i gcomhréir le hAirteagal 27c den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, na critéir maidir le haonaid tithíochta a dhíoltar le ceannaitheoirí príobháideacha i limistéir chónaithe leochaileacha atá suite i gcríoch Bhardas Slagelse a ligean ar cíós. Cinntear leis na critéir sin na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun go mbeidh tionóntaí na n-aonad tithíochta atá lonnaithe in Schackenborgvænge in ann fanacht ina dtithe tar éis an díola sin, eadhon leibhéal áirithe ioncaim a bheith acu agus nach ndearna na tionóntaí sin ná a gcomhpháirtithe cion coiriúil le 6 mhí anuas.

- 27 An 14 Eanáir 2020, d'fhormheas Trafik-, Bygge- og Boligstyrelsen (an tÚdarás Iompair, Tógála agus Tithíochta, an Danmhairg) plean forbartha Ringparken agus díol eastát tithíochta Schackenborgvænge.
- 28 An 17 Feabhra 2020, d'fhoirceann SAB 17 léas ag Schackenborgvænge. Is léir ón ordú tarchuir go raibh foirceannadh na léasanna sin bunaithe ar na critéir dá dtagraítear i mír 26 den bhreithiúnas seo.
- 29 Ós rud é gur chuir cúigear de na tionóntaí lena mbaineann ('na cúig thionónta Schackenborgvænge') i gcoinne fhoirceannadh a léasa, in ainneoin na tairisceana athchóiríochta a rinneadh dóibh, thionscain SAB, an 7 Bealtaine 2020, caingean i gcoinne gach duine acu ag iarraidh dearbhú go raibh foirceannadh na léasanna sin dleathach agus gur chomhlíon sé na coinníollacha a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 61a(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí. D'áitigh na cúig thionónta sin gur cheart na caingne sin a dhíbhe agus, ina theannta sin, d'iarr siad go n-aithneodh SAB go bhfuil Airteagal 61a den dlí sin neamhbhailí.
- 30 Is léir ón ordú tarchuir gur Danmhargach iad triúr den chúigear tionónta Schackenborgvænge, ach gur rugadh iad i 'dtíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' de réir bhrí Airteagal 61a(2) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, gur náisiúnach de 'thír nach tír de chuid an Iarthair í' é duine eile de na tionóntaí sin, inar rugadh é, agus nach bhfuil aon fhaisnéis ann maidir le háit bhreithe ná náisiúntacht an chúigiú cuid de na tionóntaí sin. Tá cónaí ar cheann acu in Schackenborgvænge ó 2012, ceann eile ó 2013 agus na trí cinn eile ó 2017.
- 31 Rinne BL – Danmarks Almene boliger (Cónaidhm na Danmhairge de sholáthraithe tithíochta neamhbhrabúis) idirghabháil chun tacú leis an ordú atá á lorg ag SAB, agus rinne an Institut for Menneskerettigheder (an Institiúid um Chearta an Duine, an Danmhairg) idirghabháil chun tacú leis an ordú atá á lorg ag na cúig thionónta Schackenborgvænge.
- 32 Ó bhí an 1 Nollaig 2021 ann, ní limistéar claochlaithe é limistéar cónaithe Ringparken a thuilleadh, toisc nach gcomhlíonann sé trí cinn de na critéir shocheacnamaíocha a thuilleadh. Mar sin féin, tá SAB fós faoi cheangal plean forbartha Ringparken a chur chun feidhme.

An díospóid maidir le heastát tithíochta Mjølnerparken

- 33 Baineann an cúigiú díospóid sna príomhimeachtaí le heastát tithíochta Mjølnerparken, atá á bhainistiú ag an gcomhlachas tithíochta poiblí Bo-Vita, ina bhfuil 528 n-aonad tithíochta teaghlaigh phoiblí agus 32 aonad tithíochta do dhaoine óga, agus iad roinnte ina cheithre bhloc.
- 34 An 1 Nollaig 2018, ainmníodh limistéar cónaithe Mjølnerparken mar 'limistéar cruagheiteo', de réir bhrí an leagain bunaidh d'Airteagal 61a(4) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí. Aicmítear an réimse sin anois mar 'réimse claochlaithe' de réir bhrí an leagain den fhoráil sin is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí. Rinneadh an t-ainmniú sin ar an bhforas, ar thaobh amháin, gur chomhlíon an limistéar cónaithe sin trí cinn de na critéir shocheacnamaíocha agus, ar an taobh eile, gur bhain thart ar 80 % de chónaitheoirí an limistéir cónaithe sin leis an gcatagóir 'inimircigh agus a sliocthaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad', de réir bhrí Airteagal 61a(2) den dlí sin. Tráth a rinneadh an tarchur chun réamhrialú seo, bhí Mjølnerparken fós ina limistéar claochlaithe.

- 35 I gcomhréir le hAirteagal 168a(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, d’ullmhaigh Bo-Vita plean forbartha do Mjølnerparken, a d’fhormheas Københavns Kommune (Bardas Chóbanhávan, an Danmhairg) an 20 Meitheamh 2019 agus a d’fhormheas an Transport- og Boligministeriet (an Aireacht Iompair agus Tithíochta, an Danmhairg) an 10 Meán Fómhair 2019, a ndearnadh an Indenrigs- og Boligministeriet (an Aireacht Gnóthaí Baile agus Tithíochta, an Danmhairg) de, agus ansin an Aireacht Gnóthaí Sóisialta, Tithíochta agus Seanóirí. Foráiltear leis an bplean forbartha sin, *inter alia*, nach mór an laghdú ar chion na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí go 40 %, i gcomhréir le hAirteagal 168a(1), a bhaint amach trí bhloic 2 agus 3 a dhíol.
- 36 Thug BO-Vita comhaontú i gcrích maidir leis na bloic sin a dhíol, comhaontú a d’fhormheas Bardas Chóbanhávan an 2 Meitheamh 2022, agus a d’fhormheas Social- og Boligstyrelsen (an tÚdarás Sóisialta agus Tithíochta, an Danmhairg) an 4 Eanáir 2023.
- 37 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, faoin dlí, go bhfuil Bo-Vita freagrach as léasanna thionóntaí na mbloc sin a fhoirceannadh.
- 38 An 27 Bealtaine 2020, thionscain 11 tionónta a bhfuil nó a raibh cónaí orthu i mbloic 2 agus 3 Mjølnerparken (na ‘11 tionónta Mjølnerparken’) caingean i gcoinne na hAireachta Gnóthaí Sóisialta, Tithíochta agus Seanóirí ag iarraidh dearbhú go raibh formheas na haireachta sin ar an bplean forbartha dá dtagraítear i mír 35 den bhreithiúnas seo neamhbhailí, go háirithe a mhéid a bhí sé bunaithe ar Airteagal 61a(4) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí. D’áitigh an aireacht sin gur cheart an chaingean sin a dhíbhe.
- 39 Is léir ón ordú tarchuir gur tionóntaí Danmhargacha iad na 11 tionónta sin go léir, ach gur rugadh ochtar acu i ‘dtíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’, de réir bhrí Airteagal 61a(2) den Dlí sin, agus gur rugadh tuismitheoirí duine eile de na tionóntaí sin sa Liobáin. Tá 9 de na tionóntaí céanna ina gcónaí in Mjølnerparken le breis agus 20 bliain agus tá an dá thionónta eile ina gcónaí ann ó 2012 agus 2014 faoi seach.
- 40 Rinne an Institiúid um Chearta an Duine idirghabháil chun tacú leis an gcineál ordaithe atá á lorg ag an 11 tionónta Mjølnerparken, mar a rinne Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cineálacha comhaimseartha ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe agus éadulaingthe gaolmhaire agus Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le tithíocht leordhóthanach mar chuid den cheart chun caighdeán leordhóthanach maireachtála, agus maidir leis an gceart chun neamh-idirdhealaithe sa chomhthéacs sin.

Breithnithe na cúirte a rinne an tarchur maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí

- 41 Sonraíonn Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, gurb í an cheist lárnach, sna chúig dhíospóid sna príomhimeachtaí, an ionann na forálacha náisiúnta a bhaineann le pleananna forbartha atá ceaptha chun sciar na tithíochta teaghlaigh poiblí i réimsí claochlaithe a laghdú, a leagtar síos in Airteagal 168a(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, agus idirdhealú ar fhoras tionscnaimh eitnigh atá contrártha le lov nr. 374 om etnisk ligebehandling (an Dlí Uimh. 374 maidir le cóir chomhionann ar fhoras tionscnaimh eitnigh) an 28 Bealtaine 2003, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, agus Treoir 2000/43, a bhféachtar lena thrasú i ndlí na Danmhairge leis an dlí sin.

- 42 Sonraíonn an chúirt sin gur mhaígh an cúigear tionóntaí Schackenborgvænge agus an 11 tionónta Mjølnerparken, *inter alia*, gurbh ionann foirceannadh a léasanna nó glacadh an phlean forbartha a bhaineann leo agus idirdhealú díreach bunaithe ar thionscnamh eitneach a thoirmistear le Treoir 2000/43, sa mhéid is go dtagann an critéar ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’, a leagtar síos in Airteagal 61a(2) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, faoin gcoincheap ‘tionscnamh eitneach’ de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) den Treoir sin.
- 43 Mar mhalairt air sin, maíonn na tionóntaí sin go bhfuil an foirceannadh léasa a chonspóideann siad idirdhealaitheach go hindíreach, ós rud é go ndéanann an cleachtas maidir le foirceannadh léasanna den sórt sin difear go háirithe do dhaoine ‘de thionscnamh eitneach [áirithe]’ de réir bhrí Airteagal 2(2)(b) den Treoir sin.
- 44 De réir na cúirte a rinne an tarchur, d’áitigh SAB agus an Aireacht Gnóthaí Sóisialta, Tithíochta agus Seanóirí, *inter alia*, nach dtagann an critéar a bhaineann le ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’, a leagtar síos in Airteagal 61a(2) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, faoin gcoincheap ‘tionscnamh eitneach’ ná faoin gcoincheap ‘tionscnamh eitneach áirithe’ in Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43.
- 45 Sonraíonn an chúirt sin go n-áirítear leis an gcoincheap ‘tír nach tír de chuid an Iarthair í’, arna fhorbairt ag Danmarks Statistik (Oifig Staidrimh na Danmhairge), gach tír seachas Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Iorua, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, San Mairíne, an Eilvéis, Stát Chathair na Vatacáine, Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Astráil agus an Nua-Shéalainn.
- 46 Sainmhíníonn an oifig sin ‘inimircigh’ mar dhuine a rugadh thar lear agus níor rugadh ceachtar dá thuismitheoirí sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge. Sainmhínítear ‘sliochtach’ san oifig sin mar dhuine a rugadh sa Danmhairg ach nach raibh ceachtar dá thuismitheoirí a rugadh sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge, nó a bhfuil náisiúntacht eachtrach fós ag a thuismitheoirí, fiú má rugadh sa Danmhairg iad agus má fuair siad náisiúntacht de chuid na Danmhairge.
- 47 Tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim nach féidir é a thuiscint ó fhoclaíocht Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43 ná ó chásdlí na Cúirte a d’eascair as breithiúnais an 16 Iúil 2015, *CHEZ Razpredelenie Bulgaria* (C-83/14, ‘an breithiúnas in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*’, EU:C:2015:480); an 6 Aibreán 2017, *Jyske Finans* (C-668/15, EU:C:2017:278); agus an 10 Meitheamh 2021, *Land Oberösterreich (Cúnamh tithíochta)* (C-94/20, EU:C:2021:477), an áirítear leis an gcoincheap ‘tionscnamh eitneach’ grúpa daoine a shainmhínítear mar ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ agus, má áirítear, an ionann an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí agus idirdhealú díreach nó indíreach de réir bhrí na forála sin.
- 48 Sna himthosca sin, chinn Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- ‘(1) An gcaithfear an téarma “tionscnamh eitneach” in Airteagal 2(2)(a) agus (b) den [Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach] a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an téarma sin, in imthosca amhail na himthosca sin sa chás seo - i gcás, faoi Dhlí na Danmhairge maidir le [Tithíocht Phoiblí], inar gá laghdú a dhéanamh ar chion na tithíochta teaghlaigh sóisialta i “limistéir chlaochlaithe”, agus i gcás inar coinníoll é le haghaidh aicmiú mar limistéar

claochlaithe gur “inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad” iad níos mó ná 50 % de chónaitheoirí i limistéar tithíochta - grúpa daoine a shainmhínítear mar “inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad”?

- (2) Má thugtar freagra dearfach go hiomlán nó go páirteach ar an gcéad cheist, an gcaithfear Airteagal 2(2)(a) agus (b) a léiriú sa chaoi gurb ionann an scéim a thuairiscítear sa chás seo agus idirdhealú díreach nó indíreach?

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

- 49 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 2(2)(a) agus (b) de Threoir 2000/43 a léiriú sa chaoi gurb ionann reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh atá ceaptha céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí i limistéir chónaithe a laghdú, arb é is príomhthréith dóibh, *inter alia*, gur sháraigh cion na ‘n-inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ a bhfuil cónaí orthu sna limistéir sin 50 %, go díreach nó go hindíreach, de réir bhrí na forála sin.

Raon feidhme ábhartha Threoir 2000/43

- 50 Mar réamhphointe, is gá a fháil amach an dtagann na díospóidí sna príomhimeachtaí, a mhéid a bhaineann siad le córas tithíochta teaghlaigh poiblí na Danmhairge, mar a rialaítear leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, faoi raon feidhme ábhartha Threoir 2000/43.
- 51 I ndáil leis sin, sa chéad áit, is léir ó aithris 12 de Threoir 2000/43 gur mheas reachtas an Aontais, chun forbairt sochaithe daonlathacha caoinfhulangacha a áirithiú lena gceadaítear rannpháirtíocht gach duine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, gur cheart go gcumhdófaí go háirithe le gníomhaíocht shonrach i réimse an idirdhealaithe bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach réimsí amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(1) den Treoir sin (breithiúnais an 12 Bealtaine 2011, *Runevič-Vardyn agus Wardyn*, C-391/09, EU:C:2011:291, mír 41, agus an 15 Samhain 2018, *Maniero*, C-457/17, EU:C:2018:912, mír 35).
- 52 Dá bhrí sin, mar a chinn an Chúirt cheana féin, i bhfianaise chuspóir Threoir 2000/43 agus chineál na gceart a bhféachtar lena gcosaint, agus ós rud é go léirítear go sonrach leis an Treoir sin, ina raon feidhme, prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais chine agus tionscnaimh eitnigh a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), ní féidir raon feidhme na Treorach sin a shainiú go sriantach (breithiúnas in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, míreanna 42 agus 72, agus breithiúnas an 15 Samhain 2018, *Maniero*, C-457/17, EU:C:2018:912, mír 36).
- 53 Sa dara háit, foráiltear le hAirteagal 3(1)(h) de Threoir 2000/43, laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas Eorpach, go mbeidh feidhm ag an Treoir sin maidir le gach duine, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, i ndáil le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí atá ar fáil don phobal, lena n-áirítear tithíocht.

- 54 I ndáil leis sin, foráiltear le hAirteagal 2(1) de Threoir 2006/123 go bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le seirbhísí arna soláthar ag soláthraithe atá bunaithe i mBallstát, agus an coincheap ‘seirbhís’ a shainmhínítear in Airteagal 4(1) den Treoir sin mar ‘aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn féinfhostaithe, a thugtar de ghnáth ar luach saothair, dá dtagraítear in Airteagal [57 CFAE]’.
- 55 Faoi Airteagal 57 CFAE, meastar gur ‘seirbhís’ de réir bhrí na gConarthaí iad seirbhísí a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí de chineál tráchtála. De bhun chásdlí socair na Cúirte, is é saintréith bhunriachtanach an luacha saothair gur comaoin don tseirbhís atá i gceist é (breithiúnas an 23 Feabhra 2016, *an Coimisiún v an Ungáir*, C-179/14, EU:C:2016:108, míreanna 151 agus 153 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 56 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go dtagann ligean maoine dochorraithe ag duine dlítheanach faoin gcoincheap ‘seirbhís’ de réir bhrí Airteagal 4(1) de Threoir 2006/123 (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *Cali Apartments*, C-724/18 agus C-727/18, EU:C:2020:743, mír 34).
- 57 Sa chás seo, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 41 agus 42 dá Tuairim, is léir ó na mínithe a thug Comhlachas Tithíochta Poiblí na Danmhairge, an cúigear tionóntaí Schackenborgvænge agus an 11 tionónta Mjølnerparken ag an éisteacht go bhfuil córas tithíochta teaghlaigh phoiblí na Danmhairge sainiúil, *inter alia*, toisc go bhfuil sé á bhainistiú ag léasóirí poiblí, eadhon eagraíochtaí neamhbhrabúis. Féadfaidh aon duine atá 15 bliana d’aois nó níos sine clárú ar liosta feithimh chun an tithíocht sin a leithroinnt, gan aon cheanglas ioncaim a bheith ann. Ceanglaítear ar dhaoine a leithdháiltear aonad tithíochta teaghlaigh poiblí orthu cíós a íoc a bhfuil a mhéid níos ísle ná praghas an mhargaidh, ós rud é go bhfuil an cíós sin beartaithe chun costais oibriúcháin agus chothabhála na n-aonad tithíochta sin a chumhdach agus chuige sin amháin.
- 58 I bhfianaise na faisnéise sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, ní mór a mheas nach mór soláthar tithíochta mar mhalairt ar chíos, faoi scéim amhail córas tithíochta teaghlaigh poiblí na Danmhairge, a mheas mar sholáthar ‘seirbhísí’, de réir bhrí Airteagal 57 CFAE agus, dá réir sin, de réir bhrí Airteagal 4(1) de Threoir 2006/123, ós rud é gur seirbhís í a sholáthraítear ar luach saothair.
- 59 I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar gur eagraíochtaí neamhbhrabúsacha iad na léasóirí poiblí a bhainistíonn an córas sin agus go bhfuil méid an chíosa a íocann na tionóntaí níos ísle ná praghas an mhargaidh.
- 60 Is é an toisc chinntitheach a thugann gníomhaíocht laistigh de raon fhorálacha Chonradh FAE maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ná a cineál eacnamaíoch, is é sin le rá, níor cheart an ghníomhaíocht a sholáthar d’aon rud. Os a choinne sin, ní gá don duine a sholáthraíonn an tseirbhís brabús a dhéanamh ina leith sin (breithiúnais an 18 Nollaig 2007, *Jundt*, C-281/06, EU:C:2007:816, míreanna 32 agus 33, agus an 23 Feabhra 2016, *an Coimisiún v an Ungáir*, C-179/14, EU:C:2016:108, mír 154).
- 61 Chinn an Chúirt freisin gur féidir seirbhísí a sholáthraítear mar mhalairt ar luach saothair, cé nach dtagann siad faoi fheidhmiú cumhachtaí poiblí, a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail agus gan spreagadh brabúis, agus atá in iomaíocht leo siúd a thairgeann oibreoirí a bhfuil brabús á dhéanamh acu, a aicmiú mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha (féach, de réir analaí, breithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Scattolon*, C-108/10, EU:C:2011:542, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear,

agus an 27 Meitheamh 2017, *Congregación de Escuelas Pías Provincia Betania*, C-74/16, EU:C:2017:496, míreanna 45 agus 46 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ós rud é nach bhfuil seirbhísí den sórt sin chomh hiomaíoch le seirbhísí inchomparáide arna soláthar ag oibreoirí a shaothraíonn brabús, ní féidir cosc a chur ar na gníomhaíochtaí lena mbaineann a mheas mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha (breithiúnais an 25 Deireadh Fómhair 2001, *Ambulanz Glöckner*, C-475/99, EU:C:2001:577, mír 21, agus an 11 Samhain 2021, *Manpower Lit*, C-948/19, EU:C:2021:906, mír 39).

- 62 Ina theannta sin, ní hionann soláthar seirbhísí a bheith curtha ar fáil ar phraghas atá faoi bhun ghnáthphraghas an mhargaidh, ann féin, agus cosc a chur ar aicmiú na seirbhíse sin mar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ós rud é nach bhfuil an fíoras sin, ann féin, de chineál a dhéanfaidh difear do nasc díreach a bheith ann idir an tseirbhís sin agus an chomaoin eacnamaíoch ina leith (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Administration de l'Enregistrement, des Domaines et de la TVA*, C-846/19, EU:C:2021:277, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 63 Sna himthosca sin, ós rud é gur léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte go mbaineann córas tithíochta teaghlaigh phoiblí na Danmhairge le soláthar seirbhísí, de réir bhrí Airteagal 4(1) de Threoir 2006/123, ní mór a mheas go mbaineann sé le rochtain ar sheirbhísí tithíochta agus le soláthar seirbhísí tithíochta, de réir bhrí Airteagal 3(1)(h) de Threoir 2000/43.
- 64 Ní cosúil go gcaitear amhras ar an gcinneadh sin le hAirteagal 2(2)(j) de Threoir 2006/123, lena bhforáiltear nach bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le seirbhísí sóisialta a bhaineann le tithíocht shóisialta. Go deimhin, arna léiriú i bhfianaise aithris 27 den Treoir sin, ciallaíonn an fhoráil sin nach bhfuil feidhm ag Treoir 2006/123 maidir le gníomhaíochtaí atá fíor-riachtanach chun an ceart bunúsach chun dínit an duine a ráthú, lena bhféachtar le cosc a chur ar imeallú na ndaoine a thairbhíonn di agus arb ionann iad chuige sin agus léiriú ar phrionsabail an chomhtháthaithe shóisialta agus na dlúthpháirtíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2013, *Femarbel*, C-57/12, EU:C:2013:517, míreanna 42 agus 43), ós rud é nach féidir gníomhaíochtaí den sórt sin a aicmiú mar ghníomhaíochtaí 'eacnamaíocha'.
- 65 Sa chás seo, i bhfianaise shaintréithe chóras tithíochta teaghlaigh poiblí na Danmhairge a leagtar amach i mír 57 den bhreithiúnas seo, is gníomhaíocht eacnamaíoch é soláthar tithíochta ar luach saothair faoin scéim sin agus, dá bhrí sin, ní thagann sé faoi raon feidhme 'seirbhísí sóisialta' a bhaineann le tithíocht shóisialta, de réir bhrí Airteagal 2(2)(j) de Threoir 2006/123.
- 66 Dá bhrí sin, faoi réir na bhfíoruithe dá dtagraítear i mír 58 den bhreithiúnas seo, atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní mór a mheas go mbaineann scéim tithíochta teaghlaigh poiblí na Danmhairge le réimse a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/123, ar leor é chun infheidhmeacht Threoir 2000/43 faoi Airteagal 3(1) den Treoir sin a shuí i gcomhthéacs na scéime sin.
- 67 Dá bhrí sin, tagann na díospóidí sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme ábhartha Threoir 2000/43.

An bhfuil idirdhealú díreach ann ar fhoras tionscnaimh eitnigh de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43

- 68 In Airteagal 2(1) de Threoir 2000/43, léirítear go sonrach prionsabal na córa combhionainne sa chiall nach ann d'aon idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.
- 69 A mhéid a fhiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, lena ceisteanna, go bunúsach, an ionann reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, bunaithe ar chritéar a bhaineann le 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad', agus idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar thionscnamh eitneach, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) agus (b) den Treoir sin, is gá, ar dtús, scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh úsáid an chritéir sin in Airteagal 61a(2) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí a bheith ina idirdhealú díreach de réir bhrí Airteagal 2 den Treoir sin.
- 70 Luaitear in Airteagal 2(2)(a) den Treoir chéanna, chun críocha mhír 1 den Airteagal sin a chur i bhfeidhm, go measfar idirdhealú díreach a bheith ann i gcás ina gcaitear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a chaitear, mar a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh.

An coincheap 'tionscnamh eitneach' de réir bhrí Threoir 2000/43

- 71 Ní shainmhínítear an coincheap 'tionscnamh eitneach' i dTreoir 2000/43.
- 72 Chinn an Chúirt cheana féin, áfach, go bhfuil an coincheap 'tionscnamh eitneach', de réir bhrí na Treorach sin, bunaithe ar choincheap na ngrúpaí sochaíocha a bhfuil náisiúntacht choiteann, creideamh reiligiúnach, teanga, bunús cultúrtha agus traidisiúnta agus cúlraí coiteanna ag baint leo go háirithe (breithiúnas in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, mír 46, agus breithiúnas an 6 Aibreán 2017, *Jyske Finans*, C-668/15, EU:C:2017:278, mír 17).
- 73 Is léir freisin ó chásdlí na Cúirte, ar thaobh amháin, a mhéid a thugtar isteach liosta na gcritéar a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo leis na focail 'go háirithe', nach bhfuil sé uileghabhálach agus, ar an taobh eile, nach féidir tionscnamh eitneach a chinneadh ar bhonn critéar aonair, ach, os a choinne sin, go bhfuil sé bunaithe ar líon iomlán tosca, cuspóir áirithe agus tosca suibhiachtúla eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Aibreán 2017, *Jyske Finans*, C-668/15, EU:C:2017:278, míreanna 18 agus 19).
- 74 Dá bhrí sin, in éagmais sainmhíniú ar an gcoincheap 'tionscnamh eitneach' i dTreoir 2000/43, ní mór raon feidhme an choincheapa sin a shainiú ar bhonn meascán critéar amhail na critéir dá dtagraítear i mír 72 den bhreithiúnas seo.
- 75 Chuige sin, is gá an cuspóir a shaothraítear leis an Treoir sin agus an comhthéacs ina bhfuil an coincheap sin a chur san áireamh.
- 76 I gcomhréir le cásdlí socair, is léir ón ngá atá le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus ó phrionsabal an chomhionannais nach mór léiriú neamhspleách agus aonfhoirmeach a thabhairt de ghnáth ar théarmaí forála de dhlí an Aontais nach ndéantar aon tagairt shainráite inti do dhlí na mBallstát chun a brí agus a raon feidhme a chinneadh ar fud an Aontais Eorpaigh, ag féachaint ní hamháin d'fhoclaíocht na forála sin ach freisin don chomhthéacs ina bhfuil sí agus do na cuspóirí a

shaothraítear leis na rialacha ar cuid díobh í (breithiúnais an 18 Eanáir 1984, *Ekro*, 327/82, EU:C:1984:11, mír 11, agus an 8 Aibreán 2025, *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (Athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha nós imeachta)*, C-292/23, EU:C:2025:255, mír 51).

- 77 Sa chéad áit, maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le Treoir 2000/43, is léir ó Airteagal 1 de gurb é cuspóir na Treorach sin creat a leagan síos chun idirdhealú ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh a chomhrac, d'fhoill prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit. Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris 28 den Treoir sin, is é is cuspóir di ardleibhéal comhchoiteann cosanta a áirithiú ar idirdhealú ar na forais sin sna Ballstáit uile.
- 78 Sa dara háit, maidir le comhthéacs an choincheapa 'tionscnamh eitneach' de réir bhrí Threoir 2000/43 agus, *inter alia*, Airteagal 2 di, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, mar a tugadh faoi deara cheana i mír 52 den bhreithiúnas seo, go léirítear go sonrach leis an Treoir sin, ina raon feidhme, prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais chine agus tionscnaimh eitnigh a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt. De réir na mínithe a bhaineann leis an gCart um Chearta Bunúsacha (IO 2007 C 303, lch. 17), tarraingíonn Airteagal 21(1) di, *inter alia*, ar Airteagal 14 de CECD agus, a mhéid a fhreagraíonn sé don Airteagal sin, tá feidhm aige i gcomhréir leis.
- 79 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le hAirteagal 14 de ECHR, lena dtoirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe, *inter alia*, ar chine, gur cineál idirdhealaithe chiníoch é idirdhealú den sórt sin atá bunaithe ar thionscnamh eitneach duine agus gur cineál idirdhealaithe an-fhabhrach é a éilíonn, i bhfianaise a iarmhairtí contúirteacha, forairdeall speisialta agus freagairt láidir ó na húdaráis. Ní mór do na húdaráis gach modh atá ar fáil a úsáid chun ciníochas a chomhrac, agus ar an gcaoi sin fíis an daonlathais den tsochaí a threisiú (ECtHR, 13 Samhain 2007, *D.H. agus páirtithe eile v Poblacht na Seice*, CE:ECHR:2007:1113JUD005732500, § 176, agus ECtHR, 20 Feabhra 2024, *WA Baile v an Eilvéis*, CE:ECHR:2024:0220JUD004386818, § 90).
- 80 Ar an dara dul síos, luaitear in aithris 3 de Threoir 2000/43 gur ceart uilíoch a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla é an ceart chun comhionannais os comhair an dlí agus chun cosanta ar idirdhealú do gach duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú, a glacadh an 21 Nollaig 1965, a shínigh na Ballstáit uile agus ba cheart, dá bhrí sin, é a chur san áireamh go cuí. De réir Airteagal 1 den Choinbhinsiún sin, 'ciallóidh an téarma "idirhealú ciníoch" aon idirdhealú, eisiamh, srian nó tosaíocht atá bunaithe ar chine, dath, sliocht, nó tionscnamh náisiúnta nó eitneach', agus dá bhrí sin is cineál idirdhealaithe chiníoch é idirdhealú den sórt sin atá bunaithe ar thionscnamh eitneach duine de réir bhrí an choinbhinsiúin sin (féach, chuige sin, an breithiúnas in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, mír 73).
- 81 Ar an tríú dul síos, mar is léir ó aithris 13 de Threoir 2000/43 agus ó Airteagal 3(2) di araon, ní chumhdaítear leis an Treoir sin difríochtaí sa chóir atá bunaithe ar náisiúntacht, ós rud é nach féidir le náisiúntacht duine, inti féin, a bheith ina cúis le toimhde go mbaineann sé le grúpa eitneach ar leith.
- 82 Ní féidir leis an bhforáil sin, áfach, cosc a chur ar náisiúntacht ná ar na critéir is bonn lena deonú a chur san áireamh, i measc tosca eile, chun na paraiméadair 'tionscnaimh eitnigh' a shainiú. Go deimhin, is léir ó liosta na gcritéir a bhaineann leis an gcoincheap sin dá dtagraítear i mír 72 den bhreithiúnas seo go bhfuil 'náisiúntacht choiteann' ar cheann de na tosca a d'fhéadfadh, i gcomhar le tosca eile, a bhaint de thátaí as go mbaineann duine le grúpa eitneach.

- 83 Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh an critéar maidir le tír bhreithe duine a bheith ar cheann de na tosca sonracha a d'fhéadfadh údar a thabhairt leis an gconclúid go mbaineann an duine sin le grúpa eitneach (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Aibreán 2017, *Jyske Finans*, C-668/15, EU:C:2017:278, mír 18).
- 84 Go deimhin, d'fhéadfadh baint a bheith ag tír bhreithe duine lena náisiúntacht, creideamh reiligiúnach, teanga, bunús cultúrtha agus traidisiúnta nó fiú lena thimpeallacht mhaireachtála agus, dá bhrí sin, tá sí ar cheann de na tosca is féidir a chur san áireamh chun a chinneadh an mbaineann duine le grúpa eitneach, ar choinníoll gur cuid de chorpas fianaise é a bhaineann leis an gcoincheap 'tionscnamh eitneach'.
- 85 Os a choinne sin, ní féidir leis an gcritéar maidir le tír bhreithe duine, ann féin, a bheith ina chúis le toimhde go mbaineann sé le grúpa eitneach ar leith. Go deimhin, ní féidir glacadh leis nach bhfuil ach bunadh eitneach amháin ag gach Stát ceannasach agus is é sin é (breithiúnas an 6 Aibreán 2017, *Jyske Finans*, C-668/15, EU:C:2017:278, mír 21).
- 86 Mar thoradh air sin, cé nach leor critéar náisiúntachta duine ná critéar a thíre breithe, ann féin, chun údar a thabhairt le toimhde den sórt sin gur de ghrúpa eitneach iad, féadfar iad araon a chur san áireamh, in éineacht le tosca eile, chun a mheas an ann d'idirdhealú díreach ar bhonn 'tionscnamh eitneach' de réir bhrí Threoir 2000/43.

An coincheap 'idirdhealú díreach' de réir bhrí Threoir 2000/43

- 87 Mar a cuireadh in iúl i mír 70 den bhreithiúnas seo, ní mór difríocht sa chóir a aicmiú mar 'idirdhealú díreach' ar fhoras tionscnaimh eitnigh, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43, i gcás ina gcaitear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a chaitear, mar a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide ar fhoras tionscnaimh eitnigh. Sa chás seo, is gá, dá bhrí sin, a chinneadh, ar thaobh amháin, an mbunaítear leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí difríocht sa chóir atá bunaithe ar thionscnamh eitneach agus, má bhunaítear, scrúdú a dhéanamh, ar an taobh eile, an gcuirtear daoine áirithe faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine eile i gcás inchomparáide mar thoradh ar an difríocht sin sa chóir.
- 88 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcoinníoll gur suíodh difríocht sa chóir 'ar fhorais tionscnaimh eitnigh', ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ón Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, agus go háirithe ó Airteagail 168a agus 168b de, go bhfuil feidhm ag an oibleagáid plean forbartha a ghlacadh atá ceaptha céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú maidir le 'limistéir chlaochlaithe' de réir bhrí an Dlí sin. Sainmhínítear iad sin in Airteagal 61a(4) den Dlí sin mar limistéir chónaithe a chomhlíon, le 5 bliana anuas, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 61a(2). Sainmhínítear 'cumainn chomhthreomhara' san fhoráil sin mar limistéir chónaithe a chomhlíonann, ar an gcéad dul síos, dhá cheann ar a laghad de na critéir shocheacnamaíocha agus ina bhfuil, ar an dara dul síos, cion na 'n-inimirceach ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliocthaigh' ina gcónaí ann níos mó ná 50 %.
- 89 Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí difríocht sa chóir idir na limistéir chónaithe sin agus iad siúd a chomhlíon, le 5 bliana anuas, dhá cheann ar a laghad de na critéir shocheacnamaíocha sin freisin, ach nach mó ná 50 % an cion de 'inimircigh agus a sliocthaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' atá ina gcónaí iontu. I gcás na limistéir deireanach sin, dá ngairtear 'limistéir chónaithe leochaileacha', ní fhorchuirtear leis an dlí sin oibleagáid plean forbartha den sórt sin a ghlacadh nó, dá bhrí sin, céatadán na n-aonad tithíochta teaghlaigh poiblí a laghdú.

- 90 Sa chás seo, is cosúil nach bhfuil aon nasc díreach ag na critéir shocheacnamaíocha sin le tionscnamh eitneach chónaitheoirí na limistéar claochlaithe. Dá bhrí sin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a shuíomh an gceadaítear nó nach gceadaítear, agus an cúigiú critéar á chur san áireamh, atá nasctha le cion na ‘n-inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus óna sliochtaigh’, an tátal a bhaint as go mbunaítear difríocht sa chóir atá bunaithe ar thionscnamh eitneach leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.
- 91 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ról cinntitheach ag an gcritéar deireanach sin maidir le réimsí claochlaithe a shainaithint. Fiú nuair a chomhlíontar na critéir shocheacnamaíocha uile i limistéar cónaithe ar leith le linn thréimhse 5 bliana, fíoras a léiríonn de ghnáth go bhfuil staid shocheacnamaíoch fhadhbach ann, ní cheanglaítear leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí plean forbartha a ghlacadh mura bhfuil cion na ‘n-inimirceach ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ atá ina gcónaí sa limistéar sin níos mó ná 50 %. Os a choinne sin, i gcás inar mó ná 50 % sciar na ‘n-inimirceach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ a bhfuil cónaí orthu i limistéar, is leor go gcomhlíontar dhá cheann de na ceithre chritéar shocheacnamaíocha chun go n-aicmeofar an limistéar atá i gceist mar ‘limistéar claochlaithe’ agus, dá bhrí sin, chun go mbeidh feidhm ag an oibleagáid plean forbartha a ghlacadh chun go mbeidh feidhm ag an limistéar sin.
- 92 Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil an difríocht sa chóir atá i gceist sna príomhimeachtaí bunaithe go príomha ar an gcritéar ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ de réir bhrí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.
- 93 Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an méid a luaitear i mír 87 den bhreithiúnas seo, is gá scrúdú a dhéanamh an mbunaítear leis an gcritéar sin maidir le ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ difríocht sa chóir ar fhoras tionscnaimh eitnigh, de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43.
- 94 Ós rud é go bhfuil an critéar sin leagtha síos i ndlí na Danmhairge, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé cinneadh a dhéanamh ina leith sin.
- 95 Is cásdlí socair é, i gcomhthéacs imeachtaí arna dtionscnamh ar bhonn Airteagal 267 CFAE, nach faoin gCúirt atá sé forálacha an dlí náisiúnta a léiriú ach faoi chúirteanna na mBallstát, agus nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt rialú a thabhairt ar chomhoiriúnacht rialacha an dlí náisiúnta le dlí an Aontais. Mar sin féin, tá dlínse ag an gCúirt an treoir uile is gá a thabhairt don chúirt náisiúnta maidir le léiriú dhlí an Aontais chun a chur ar chumas na cúirte sin a chinneadh an bhfuil na rialacha náisiúnta sin ag luí le dlí an Aontais (breithiúnais an 17 Nollaig 1981, *Frans-Nederlandse Maatschappij voor Biologische Producten*, 272/80, EU:C:1981:312, mír 9; an 30 Samhain 1995, *Gebhard*, C-55/94, EU:C:1995:411, mír 19; agus an 30 Samhain 2023, *Ministero dell’Istruzione agus INPS*, C-270/22, EU:C:2023:933, mír 43).
- 96 I ndáil leis sin, ar dtús, is léir ón ordú tarchuir go gcomhfhreagraíonn an coincheap ‘inimirceach’, de réir bhrí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, do dhuine a rugadh thar lear agus nár rugadh sa Danmhairg agus nach náisiúnach Danmhairgach iad ceachtar dá thuismitheoirí.
- 97 Ina dhiaidh sin, comhfhreagraíonn an coincheap ‘sliochtach’, de réir an ordaithe tarchuir, do dhuine a rugadh sa Danmhairg ach nach raibh ceachtar dá thuismitheoirí a rugadh sa Danmhairg agus náisiúnach de chuid na Danmhairge, nó a bhfuil náisiúntacht eachtrach ag a thuismitheoirí, fiú má rugadh sa Danmhairg iad agus má fuair siad náisiúntacht de chuid na Danmhairge, araon.

- 98 Ar deireadh, áirítear leis an gcoincheap ‘tíortha an Iarthair’ Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Iorua, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, San Mairíne, an Eilvéis, Stát Chathair na Vatacáine, Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Dá bhrí sin, meastar gur ‘tíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ gach tír seachas iad siúd a luaitear thuas.
- 99 Mar a cuireadh in iúl i míreanna 81 agus 85 den bhreithiúnas seo, ní leor na critéir a bhaineann le tír bhreithe an duine lena mbaineann, chomh maith le tír bhreithe agus náisiúntacht a thuismitheoirí, ina n-aonar, chun eitneacht duine a shuí. Dá bhrí sin, féadfar a mheas go bhfuil gach ceann de na critéir sin neodrach ina leith sin.
- 100 Mar sin féin, mar a d’aithin Rialtas na Danmhairge ina bharúlacha i scríbhinn, tá an critéar ginearálta maidir le ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ bunaithe ní hamháin ar chritéar tíre breithe duine ar leith agus a thuismitheoirí, nó ar chritéar náisiúntachta an duine sin amháin, ach ar mheascán casta de na critéir sin. Ar thaobh amháin, cuirtear tír bhreithe an duine lena mbaineann san áireamh, chomh maith le tír bhreithe agus náisiúntacht a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí. Ar an taobh eile, is gá a chinneadh an meastar gur ‘tíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ an tír nó na tíortha inar rugadh na daoine sin go léir agus/nó ar náisiúnaigh díobh iad.
- 101 Tá sé tábhachtach a lua freisin, sa chéad áit, nach leor ann féin go bhféadfaí a mheas go dtagraíonn critéar ginearálta amhail ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ do roinnt tionscnamh eitneach, chun cosc a chur ar chritéar ginearálta den sórt sin a bheith bunaithe ar thionscnamh eitneach na ndaoine lena mbaineann.
- 102 Bheadh sé contrártha d’éifeachtacht Threoir 2000/43 mura mbeadh feidhm ag an gcuspóir maidir le hidirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a chomhrac, dá bhforáiltear in Airteagal 1 di, i gcás ina bhfuil roinnt grúpaí eitneacha faoi réir an idirdhealaithe chéanna.
- 103 I ndáil leis sin, i mír 28 de bhreithiúnas an 10 Iúil 2008, *Feryn* (C-54/07, EU:C:2008:397), a bhain le cás inar luaigh stiúrthóir gnóthais go poiblí gur dhiúltaigh sé ‘inimircigh’ a fhostú, eadhon seanchas ‘daoine dúchasacha’ agus atá coibhéiseach, go bunúsach, le ‘eachtrannaigh’, chinn an Chúirt gurb ionann an fíoras go luann fostóir go poiblí nach n-earcóidh sé fostaithe de thionscnamh eitneach nó ciníoch áirithe agus idirdhealú díreach de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) den Treoir sin. Dá bhrí sin, níor chuir an Chúirt as an áireamh go bhféadfadh coincheap leathan amhail coincheap na ‘n-inimirceach’, a thagraíonn go bunúsach do gach náisiúnach eachtrach, a bheith bainteach le tionscnamh ciníoch nó eitneach de réir bhrí na Treorach sin.
- 104 Sna himthosca sin, ní féidir raon feidhme Threoir 2000/43 a theorannú do chomhrac an idirdhealaithe in aghaidh grúpa eitneach aonair.
- 105 Sa dara háit, d’fhéadfadh faisnéis ábhartha a bheith sa chomhthéacs a bhaineann le critéar ginearálta a ghlacadh amhail ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’, mar a shoiléirítear sna doiciméid ullmhúcháin don reachtaíocht ar cuid di an critéar sin, chun a chinneadh an mbunaítear leis an reachtaíocht sin difríocht sa chóir ar fhoras tionscnaimh eitnigh. Dá bhrí sin, sa chás seo, d’fhéadfadh doiciméid ullmhúcháin amhail iad siúd a luaitear san ordú tarchuir agus a atáirgtear i míreanna 18 agus 20 den bhreithiúnas seo a bheith ábhartha ina leith sin.

- 106 Ní mór a mheabhrú gur chinn an Chúirt gur leor, chun idirdhealú díreach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43, gur cinneadh le breithniú maidir le tionscnamh eitneach an cinneadh cóir éagsúil a thabhairt isteach (féach, chuige sin, an breithiúnas in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, mír 76).
- 107 Sa tríú háit, ós rud é go n-áirítear le cónaitheoirí na limistéar claochlaithe freisin daoine nach ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’, ní chuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí a mheas mar reachtaíocht a glacadh ar bhonn tionscnamh eitneach (féach, chuige sin, breithiúnas *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, mír 76).
- 108 Ar deireadh, ar an gceathrú dul síos, ní cosúil go gcuirtear cosc le húsáid an choincheapa ‘tír nach tír de chuid an Iarthair í’, faoi réir fhíorú na cúirte a rinne an tarchur, ar an gcritéar ginearálta maidir le ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ daoine a chumhdach a bhfuil a n-áit bhreithe agus/nó áit bhreithe a dtuismitheoirí i ‘dtír de chuid an Iarthair’, nó daoine arb é ‘tír de chuid an Iarthair’ a náisiúntacht agus/nó náisiúntacht a dtuismitheoirí.
- 109 Mar sin féin, ní leor fíoras den sórt sin ann féin chun a chur as an áireamh go bhféadfadh difríocht sa chóir atá bunaithe ar thionscnamh eitneach a bheith mar thoradh ar an meascán casta critéar dá dtagraítear i mír 100 den bhreithiúnas seo.
- 110 Mar a cuireadh in iúl i mír 87 den bhreithiúnas seo, má thagann an chúirt a rinne an tarchur ar an gconclúid, tar éis na bhfíoruithe uile nach mór di a dhéanamh, go mbunaítear leis an gcritéar ginearálta ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’, de réir bhrí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, difríocht sa chóir atá bunaithe ar thionscnamh eitneach, is faoin gcúirt sin a bheidh sé ansin a fhíorú an bhfuil sé d’éifeacht ag an dlí sin go gcaitear le daoine áirithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le daoine eile i gcás inchomparáide.
- 111 Leagtar síos in Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43, sa bhreis ar an gcoinníoll a bhaineann leis an bhfíoras gur suíodh difríocht sa chóir ‘ar fhorais tionscnaimh eitnigh’, dhá choinníoll eile a bhaineann, faoi seach, le ‘cóir níos mífhabhraí’ a bheith ann agus le cineál ‘inchomparáide’ na gcásanna a scrúdaíodh.
- 112 Ní mór a thabhairt faoi deara nach mór measúnú a dhéanamh ar an gceanglas a bhaineann le ‘inchomparáideacht’ na gcásanna chun a chinneadh an bhfuil sárú ar phrionsabal na córa comhionainne ann i bhfianaise na ngnéithe go léir atá mar shaintréith acu (an breithiúnas in *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, mír 89 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 113 Sa chás seo, is cosúil go bhfuil tionóntaí tithíochta teaghlaigh poiblí atá ina gcónaí i limistéir chlaochlaithe, a mhéid a bhaineann lena léas, i staid atá inchomparáide le staid na dtionóntaí a thairbhíonn de léas comhchosúil i limistéir chónaithe leochaileacha a chomhlíon, le 5 bliana anuas, dhá cheann ar a laghad de na critéir shocheacnamaíocha, ach nár sháraigh cion na ‘n-inimirceach ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ 50 %.
- 114 Maidir le ‘cóir níos mífhabhraí’ a bheith ann, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí, do gach cónaitheoir i limistéar cónaithe, a eascraíonn as an limistéar sin a ainmniú mar ‘limistéar claochlaithe’.

- 115 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhforchuirtear le hAirteagail 168a agus 168b den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí oibleagáid plean forbartha a ghlacadh nach mór é a bheith d'aidhm aige sciar na tithíochta poiblí teaghlaigh a laghdú, faoin 1 Eanáir 2030, go 40 % ar a mhéad den tithíocht uile sa limistéar claochlaithe lena mbaineann.
- 116 Trí oibleagáid den sórt sin a fhorchur, is cosúil go nochtar leis an dlí sin gach cónaitheoir i limistéir chlaochlaithe do riosca méadaithe go bhfoirceannfar go luath a léasanna agus, dá bhrí sin, go gcaillfear a dtithe.
- 117 Dealraíonn sé, faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, go bhforáiltear leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí féin go bhfuil foirceannadh luath léasanna ar cheann de na hiarmhairtí a d'fhéadfadh eascairt as plean forbartha do limistéar claochlaithe a fhormheas.
- 118 Dá bhrí sin, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, i gcás ina gcuirtear plean den sórt sin chun feidhme trí aonaid tithíochta a dhíol le ceannaitheoir príobháideach, go bhforáiltear le hAirteagal 27(4) den Dlí sin go bhfuil formheas an díola sin ag an aire inniúil faoi réir an choinníll go gcuirfear deireadh le léasanna tionóntaí nach gcomhlíonann na critéir a cheanglaítear ar an gcomhairle bhargasach a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 27c(1) den Dlí sin.
- 119 Ar an gcaoi chéanna, foráiltear le hAirteagal 27c(3) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, má ligtear réadmhaoin ar cíós de shárú ar na critéir sin, go bhforchuirfidh an chomhairle bhargasach oibleagáid ar an léasóir an léas a fhoirceannadh.
- 120 Sna himthosca sin, is cosúil go bhfuil baol méadaithe ann go bhfoirceannfar a léasanna go luath do chónaitheoirí limistéar claochlaithe, cé nach bhfuil cónaitheoirí limistéar cónaithe leochaileach, arb é is príomhthréith dóibh staid shocheacnamaíoch fhadhbach a bheith ann atá cosúil ar a laghad leis an staid atá i réim i limistéir chlaochlaithe, neamhchosanta ar riosca den sórt sin.
- 121 Tá sé tábhachtach a chur in iúl go láidir gur ceart bunúsach é an ceart go n-urramófaí an áit chónaithe a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt, ina bhfuil cearta a chomhfhreagraíonn do na cearta a ráthaítear in Airteagal 8(1) ECHR agus nach mór, dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 52(3) den Chairt, an bhrí agus an raon feidhme céanna a thabhairt dó agus atá ag an gceart deireanach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Mirin*, C-4/23, EU:C:2024:845, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 122 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine gur cineál cur isteach is tromchúisí ar an gceart go n-urramófaí an áit chónaithe é caillteanas tí. Go deimhin, cuireann caillteanas den sórt sin an duine lena mbaineann agus a theaghlach i staid an-leochaileach (féach, chuige sin, ECtHR, 13 Bealtaine 2008, *McCann v an Ríocht Aontaithe*, CE:ECHR:2008:0513JUD001900904, § 50, agus breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2014, *Kušionová*, C-34/13, EU:C:2014:2189, míreanna 63 agus 64).
- 123 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an riosca méadaithe a shainaithnítear i mír 120 den bhreithiúnas seo a bheith ina 'cóir is lú fabhar' de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43.
- 124 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cóir is lú fabhar ann, nach mbaineann sé le hábhar cé acu a roghnaítear nó nach n-áirítear na critéir ar dá réir a roghnaítear na léasanna atá le foirceannadh ina n-aonar an critéir maidir le

‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’. Ní bheadh imthoisc den sórt sin de chineál a chaithfeadh amhras ar riosca méadaithe a bheith ann go ndéanfaí na léasanna sin a fhoirceannadh go luath.

